Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13836/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0347(COD)**

**CODEC 1300**
**UK 96**
**PREP-BXT 52**
**TRANS 587**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le gnéithe áirithe den tsábháilteacht agus den nascacht iarnróid i dtaca leis an mbonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht **(an chéad léamh)**<br>- Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le go nglacfar an gníomh reachtach<br>- Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas |

1. An 27 Samhain 2020, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh atá bunaithe ar Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ar aghaidh.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 2 Nollaig 2020.[2]

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

4. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ag an seisiún iomlánach a bheidh aici an 14-17 Nollaig 2020.

[1] 13443/20.
[2] Gan foilsiú fós in IO.

5. Mar gheall ar na himthosca speisialta, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/1659 (AE) ón gComhairle[3], go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn i dtaca lena leanann:

– glacadh an dréachtrialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe den tsábháilteacht agus den nascacht iarnróid i dtaca leis an mbonneagar trasteorann a nascann an tAontas agus an Ríocht Aontaithe trí Nasc Seasta Mhuir nIocht, mar a leagtar amach in PE-CONS 60/20[4] é; agus

– chun maolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ón tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin.

---

[3] Cinneadh (AE) 2020/1659 ón gComhairle an 6 Samhain 2020 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 20/430, agus arna shíneadh le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702, (AE) 2020/970 agus (AE) 2020/1253, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 376, 10.11.2020, lch 3–4)

[4] PE-CONS 60/20, a bheidh ar fáil in am trátha.